Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Department of
Health, Social Services
and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk
AN ROINN
Sláinte, Seirbhísí Sóisialta
agus Sábháilteachta Poiblí
MÄNNYSTRIE O
Poustie, Resydènter Heisin
an Fowk Siccar

DRÉACHTBHEARTAS UM BIA I SCOILEANNA

CEISTNEOIR FREAGARTHA AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN

SPRIOCDHÁTA: 11 Nollaig 2009

Meán Fómhair 2009

RÉAMHRÁ

Tá an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP) tar éis doiciméad beartais i leith Bia sna Scoileanna a dhréachtú. Tugann sé seo le chéile an réimse uile straitéisí agus pleananna atá á gcur bhfeidhm chun cothú níos fearr a sholáthar dár bpáistí scoile.

Ba mhaith linn do thuairimí a fháil faoin mbeartas molta.

MAIDIR LEAT FÉIN

Bheimis fíorbhuíoch díot dá bhféadfá an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

Ainm: _____

An Eagraíocht a ndéanann tú ionadaíocht air: _____
(má bhaineann le hábhar)

Seoladh: _____

Baile/Cathair: _____

Cód poist: _____

Síniú: _____ Dáta: _____

Roghnaigh an ceann de na catagóirí thíos is fearr mar chur síos ort:

Tuismitheoir	☐	Príomhoide	☐
Múinteoir	☐	Ball de Bhord Gobharnóirí	☐
Lónadóir Scoile	☐	Dalta	☐
Bord Oideachais agus Leabharlainne	☐	Ionadaí Ceardchumainn	☐
Déantóir Bia	☐	Soláthraí Bia	☐
Diaitéiteach/Saineolaí Cothúcháin	☐	Gairmí Sláinte Eile	☐

Eile (sonraigh le do thoil) _____

Más Príomhoide, Múinteoir, ball de Bhord Gobharnóirí Scoile, tuismitheoir nó dalta thú roghnaigh catagóir na scoile nó na scoileanna thíos lena bhfuil baint agat. Cuir tic sna boscaí go léir a bhaineann leat:

Naíolann	☐	Bunscoil	☐
Speisialta	☐	Iarbhunscoil	☐

CUID 1 – AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ

Leagann an dréachtbheartas um Bia sna Scoileanna amach aidhmeanna agus cuspóirí foriomlána an Fheidhmeannais maidir le bia i scoileanna, agus déanann sé cur síos ar réimse straitéisí agus pleananna atá á gcur i bhfeidhm chun cothú níos fearr a sholáthar do pháistí scoile. (Ailt 1-3)

1. An aontaíonn tú gur gá beartas maidir le Bia sna Scoileanna chun cothú níos fearr a sholáthar do pháistí scoile?

   Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

   Aon tuairim eile:

   Is é príomhaidhm an bheartais um Bia sna Scoileanna ná a chinntiú go léireoidh an bia sna scoileanna cothromaíocht na dea-shláinte; go dtabharfaidh sé tacaíocht suntasach do chothú páistí agus go gcuirfidh na scoileanna le forbairt an eolais agus na scileanna atá riachtanach chun roghanna sláintiúla a dhéanamh maidir le bia. Tá sé d'aidhm aige freisin a chinntiú go mbeidh go leor deiseanna sna blianta luatha chun cothú maith a fháil agus dea-nósanna a chleachtadh maidir le bia sláintiúil a ithe. (Ailt 4-8)

2. An n-aontaíonn tú leis na haidhmeanna agus cuspóirí don bheartas molta?

   Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

   Aon tuairim eile:

CUID 2 – CUR CHUIGE SA SCOIL UILE A GHLACADH

Molann an beartas seo go mbeadh cur chuige sa scoil uile maidir le bia agus le cothú. Áirítear leis seo an bia atá ar fáil i siopaí milseán, i meaisíní díola agus in aon fhoinse bia eile sna scoileanna. Is riachtanas é seo má táimid chun dul i ngleic go héifeachtach leis an réimse saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar chothú na hóige agus ar na roghanna a dhéanann paistí faoi bhia ar scoil. (Ailt 9-11)

3. An aontaíonn tú leis an gcur chuige seo?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

Tugann an beartas seo le fios gur féidir leis na scoileanna cinneadh a dhéanamh i gcomhar leis na tuismitheoirí ar an leibhéal áitiúil faoi cheisteanna mar an bia a thugann páistí leo chun na scoile (lónta pacáilte, mar shampla), fad an tsosa lóin agus na rialacha faoi pháistí a bheith ag fágáil áitreabh na scoile ag am sosa agus ag amanna lóin. Tugann an beartas le fios freisin gur féidir leis na scoileanna cúnamh a fháil más gá ó na comhpháirtithe Oideachais agus Sláinte. (Alt 10)

4. An aontaíonn tú gurb é seo an chur chuige ceart?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

Béilí Scoile agus Bia Eile seachas Lónta Scoile

Tá an Roinn Oideachais tar éis caighdeáin chothaithe a dhréachtú maidir le lónta scoile agus bia eile sna scoileanna. (Ailt 12-30)

5. An aontaíonn tú go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí na caighdeáin sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach gné de shaol na scoile, lena n-airítear cláir um shosanna sláintiúla, clubanna bricfeasta agus araile?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

Cothú sna Luathbhlianta

Tá an Roinn Oideachais ag obair i gcomhar le RSSSSP ag dréachtú na gcaighdeán a moladh maidir le cúram páistí. (Ailt 31-33)

6. An aontaíonn tú gur cóir go mbeadh treoir maidir le soláthar bia i measc na gcaighdeán sin?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

Cur Chun Cinn agus Fógraíocht Bia i measc Leanaí agus Daoine Óga

Molann an beartas do scoileanna breathnú go cúramach ar an gcaoi ar chóir srianta a leagadh ar chur chun cinn bianna nach bhfuil chomh sláintiúil mar rogha i gcomparáid le bianna eile, trí bhrandaí a bhaint de meaisíní díola, mar shampla, nó féachaint ar an urraíocht a thugtar d'imeachtaí, is mar sin de. (Alt 34)

7. An aontaíonn tú leis an gcur chuige seo?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

Eolas agus Scileanna a Fhorbairt

Leagann an beartas seo béim ar na naisc sin ar chóir do scoileanna a fhorbairt idir na beartais i leith bia agus an curaclam athbhreithnithe. Moltar freisin go bhforbrófaí naisc éifeachta idir mhúineadh faoi chothú agus sláinte agus faoi mhúineadh an chorpoideachais. (Ailt 35-41)

8. An aontaíonn tú gur chóir naisc a fhorbairt idir beartais na scoile um bia agus an curaclam.

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

CUID 3 – DÍRIÚ AR RIACHTANAIS SHÓISIALTA

Leagann an beartas béim ar a thábhachtaí is atá sé cláir agus tionscnaimh mar bhéilí scoile saor in aisce, scoileanna méadaithe agus sosanna sláintiúla a dhíriú ar pháistí agus ar theaghlaigh ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. (Ailt 42-45)

9. An aontaíonn tú gur chóir go dtabharfaí faoi riachtanais shóisialta sa bheartas um Bhia sna Scoileanna?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Aon tuairim eile:

CUID 4 – CUR I BHFEIDHM AN BHEARTAIS UM BIA SNA SCOILEANNA

Feidhmiú Réigiúnach

Tá cistiú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus RSSSSP araon le tacú le chur i bhfeidhm an Bheartais um Bia sna Scoileanna. (Ailt 46-49)

10. An dóigh leat gur leor an leibhéal infheistíochta de £3 mhilliún sa bhliain ón Roinn Oideachais chomh maith le maoiniú breise ón Phlean Gníomhaithe Fit Futures?

Is dóigh ☐ *Ní dóigh* ☐

Aon tuairim eile:

Feidhmiú Áitiúil

Tá cuntas sa bheartas faoi na socruithe atá déanta ar an leibhéal áitiúil le tacú le scoileanna maidir le ceisteanna bia agus cothaithe. Tá cuntas ann freisin faoi na riachtanais dhlíthiúla a chaithfidh na scoileanna a shásamh maidir le cur chun cinn sláinte agus folláine a bhfoirne agus a ndaltaí. (Ailt 50-53)

11. An dóigh leat gur leor na socruithe atá déanta?

Is dóigh ☐ *Ní dóigh* ☐

Aon tuairim eile:

Monatóireacht agus Measúnú

Tá cuntas sa bheartas ar na socruithe atá déanta chun monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm go foriomlán. (Ailt 55-57)

12. An dóigh leat gur leor na socruithe sin?

Is dóigh ☐ *Ní dóigh* ☐

Aon tuairim eile:

CUID 5 – TAGAIRTÍ GINEARÁLTA

13. Bain leas as an gcuid seo chun aon tuairim eile a thabhairt faoin mbeartas atá á mholadh um Bia sna Scoileanna.

CUID 6 – COMHIONANNAS AGUS CEARTA DAONNA

Tá obair fiosraithe déanta ag an Roinn le fáil amach na himpleachtaí ó thaobh comhionannais agus cearta daonna a bhaineann leis an mbeartas um Bia sna Scoileanna atá á mholadh. Is é toradh an fiosraithe ná nach gá measúnacht iomlán tionchair chomhionannais a dhéanamh ar an mbeartas.

14. An aontaíonn tú leis an gconclúid seo?

Aontaím ☐ *Ní aontaím* ☐

Tabhair na fáthanna atá agat thíos mura n-aontaíonn tú leis.

AN CHAOI LE FREAGRA A THABHAIRT

Seol do fhreagra le do thoil chuig Foireann um Chomhtháthú Pobail, Seomra F26A, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Gael, Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar BT19 7PR. Ba chóir na freagraí a sheoladh chun go sroichfidh siad an áit tráth nach déanaí ná 11 Nollaig 2009.

Mar mhalairt ar sin féadfaidh tú do fhreagra a sheoladh roimh an spriocdháta ar an bhfoirm ar líne atá le fáil ag **www.deni.gov.uk**.

Téigh i dteagmháil leis an Roinn, le do thoil, má tá an leabhrán freagartha uait i bhformáidí eile:

Ar an teileafón: 028 9127 9442

Trí fhacs: 028 9127 9100

Trí ríomhphost: **nutritional.standards@deni.gov.uk**

Trí scríobh chuig: Foireann um Chomhtháthú Pobail
Seomra F26A
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Gael
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR BT19 7PR

FOILSIÚ FREAGRAÍ

Foilseoidh an Roinn coimriú ar na freagraí nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin thart. Féadfar do fhreagrasa, agus gach freagra eile a thabharfar ar an gcomhairliúchán, a nochtadh ar iarratas. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin ar féidir leis an Roinn diúltú faisnéis a nochtadh. Léigh na hailt thíos faoi rúndacht an chomhairliúcháin **sula dtugann tú** do fhreagrasa. Tabharfaidh siad treoir duit maidir leis an stádas dlíthiúil a bheidh ag aon fhaisnéis a thabharfaidh tú i do fhreagra ar an gcomhairliúchán seo. Déileálfaidh an Roinn mar is cuí agus de réir an Achta um Chosaint Sonraí 1998 le haon sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil.

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise an ceart don phobal aon fhaisnéis atá ag údarás poiblí a rochtain, .i. an Roinn sa chás seo. Baineann an ceart faisnéis a rochtain le faisnéis a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúchán. Ní féidir leis an Roinn glacadh leis sa ghnáthchúrsa gur fhaisnéis faoi rún aon fhaisnéis a thugtar di mar fhreagra ar chomhairliúchán. Tá sé de fhreagracht uirthi, áfach, cinneadh a dhéanamh an bhfuil aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo, faoi rún nó le nochtadh don phobal agus áirítear leis an bhfaisnéis sin faisnéis faoi cé tú féin.

Dá thoradh sin ní dócha go measfar go bhfuil aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo faoi rún ach amháin i dtosca fíor-neamhghnáthacha. Tá foráil i gCód Cleachtais an Tiarna Seansailéara um an Acht um Shaoráil Faisnéise:

- nár chóir don Roinn glacadh le faisnéis faoi rún ó thríú páirtithe ach amháin nuair is gá an fhaisnéis sin a fháil maidir le cur i bhfeidhm aon cheann de fheidhmeanna na Roinne agus nach dtabharfaí an fhaisnéis di murach é sin;

- nár chóir don Roinn toiliú aon fhaisnéis a fhaigheann sí ó thríú páirtithe a choinneáil "faoi rún" nuair nach ábhar rúnda í; agus

- má ghlacann an Roinn le forálacha rúndachta ní mór é sin a dhéanamh ar fháthanna maithe ar féidir seasamh leo os comhair an Choimisinéara Faisnéise.

Téigh i dteagmháil, le do thoil, le hOifig an Choimisinéara Faisnéise chun tuilleadh eolais a fháil faoi rúndacht na bhfreagraí nó féach ar an láithreán gréasáin ag **http://www.informationcommissioner.gov.uk**.

Ceistneoir Freagartha An Chomhairliúcháin

DRÉACHTBHEARTAS UM BIA I SCOILEANNA